

An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Tuarascáil ar dhul chun cinn: Iúil 2013 – Meán Fómhair 2014

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Aithníodh go cuí stádas na Gaeilge mar theanga oifigiúil agus oibre de chuid an Aontais Eorpaigh i soláthar seirbhísí ateangaireachta, i suíomh gréasáin Uachtaránacht an AE agus i ngníomhaíochtaí agus in ábhair bholscaireachta a bhí dírithe ar thoscairí agus rannpháirtithe AE in Éirinn agus sa Bhruiséil le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE.

Leanann Rialtas na hÉireann ar aghaidh, tríd an Aire Gnóthaí Eachtracha agus an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta chomh maith le hionadaithe dá Ranna, ag tacú leis an Acht Gaeilge atá beartaithe ó thuaidh trí theagmháil lena gcomhionann i bhFeidhmeannacht Thuaisceart Éireann agus i Rialtas na Breataine. Leanann an Rialtas ar aghaidh ag coinneáil súil ar fhorbairtí a bhaineann leis an Acht beartaithe, chomh maith le feabhsú agus cosaint fhorleathan na Gaeilge i dTuaisceart Éireann, agus tá sé go fóill tiomanta go hiomlán do chur i bhfeidhm Chomhaontú Aoine an Chéasta agus Chomhaontú Chill Rímhinn, lena n-áirítear na forálacha a bhaineann leis an nGaeilge.

Mar gheall ar chomhoibriú idir Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann, Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann agus na húdaráis ábhartha chraoltóireachta ó síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta, cinntíodh feabhas nach beag ar infhaighteacht TG4, chomh maith le RTÉ1, RTÉ2 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta, do mhuintir Thuaisceart Éireann. Mar a tharlaíonn sé, tá an raon de sheirbhísí craoltóireachta inrochtana a iarradh sa Chomhaontú sáraithe anois mar go bhfuil teacht ag tuairim is 94% de thithe i dTuaisceart Éireann ar na cainéil sin.

Bearta le haghaidh na Gaeilge sa tSeirbhís Phoiblí

Tá Oifig na bPasanna agus an Rannán Consalachaitheanta ag an Roinn mar na príomhréimsí a phléann leis an bpobal agus dá réir sin tá riachtanas ann go mbeidh oifigigh atá líofa sa Ghaeilge sa dá réimse sin. I dteannta sin, aithníonn an Roinn go bhfuil riachtanas ginearálta ann go mbeidh oifigigh ar fud na Roinne atá in ann seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. I gcomhréir le beartas an Rialtais, aithneofar i scéimeanna teanga de chuid na Roinne amach anseo faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla na poist/réimsí lena mbaineann riachtanas inniúlachta sa Ghaeilge.

